Gaeilge ABC

Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

*Deireadh Fómhair 2023*
*Eagrán a 2*

## OÍCHE EOLAIS

Beidh Oíche Eolais ar siúl ag Gaeilge ABC **Dé Máirt, 14 Samhain** in Áras Mhic Amhlaigh. Buail isteach am ar bith idir **18.30 agus 20.30** chun:

- Bualadh le d'Oifigeach Pleanála Teanga agus le coiste Ghaeilge ABC
- Eolas a fháil faoi na tacaíochtaí atá ar fáil do do ghnó, do choiste, do chumann, nó dhuit féin go pearsanta
- Tuilleadh eolais a fháil faoi na ranganna agus na himeachtaí a bhíonn ar siúl againn.

Gaeilge ABC will hold an Information Evening on **Tuesday, 14th November** in Áras Mhic Amhlaigh. Pop in anytime **between 18.30 and 20.30** to:

- Meet your Irish Language Planning Officer and the Gaeilge ABC committee
- Find out about the supports available for your business, your committee, your club, or for yourself
- Find out more about the classes and events we run.



## SEISIÚN CEOIL

Beidh seisiún ceoil oscailte ar siúl i Súil Eile Space i mBearna i rith am lóin, **Dé Céadaoin 8 Samhain.** Buail isteach **idir 13.00 agus 14.00** chun cúpla port a sheinm, amhrán a chanadh, nó chun cupán caife a fháil agus éisteacht leis an gceol!

An open music session will take place in Súil Eile Space in Barna during lunchtime, on **Wednesday 8th November.** Pop in between 13.00 and 14.00 to play a few tunes, sing a song, or grab a cup of coffee and listen to the music!




## TURAS AR DHRIOGLANN MICIL

Beidh muid ag tabhairt cuairte ar dhrioglann Micil **Dé hAoine 17 Samhain ag 18.00** chun turas a fháil thart timpeall ar an ndrioglann, agus chun a fhoghlaim cén chaoi a ndéantar poitín agus jin! Beidh costas laghdaithe €18 ar an imeacht seo, agus an chuid eile den chostas urraithe ag Gaeilge ABC. Tá spásanna don imeacht seo an-teoranta, mar sin ní mór áit a chur in áirithe go luath, trí chlárú anseo. Do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois an t-imeacht seo.

We will be visiting Micil Distillery on **Friday 17th November at 18.00** to get a tour around the distillery and to learn how they make gin and poteen! There will be a reduced cost of €18 per ticket for this event, with the rest of the cost sponsored by Gaeilge ABC. Spaces for this event are very limited, so reserve your spot early by registering here. This event is for over 18's only and will be completely through Irish.



## RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

Tá na ranganna Gaeilge do dhaoine fásta faoi lán seoil anois! Bíonn dhá rang ar siúl i mBearna tráthnóna Dé Luain, dhá rang i gCnoc na Cathrach maidin Dé Céadaoin, agus dhá rang i gCnoc na Cathrach tráthnóna Dé Céadaoin! Cé go bhfuil na ranganna uile lán anois, beidh téarma nua ag tosú tar éis na Nollag. Mar sin, má tá suim agat ranganna a dhéanamh linn, coinnigh súil amach d'fhógra faoin téarma nua, a bheas á fhógairt ar ár meáin shóisialta agus inár nuachtlitir.

The Irish classes for adults are now in full swing! Two classes take place in Barna on Monday, two classes in Knocknacarra on Wednesday morning, and two classes in Knocknacarra on Wednesday afternoon! Although all classes are now full, a new term will start after Christmas. So, if you are interested in taking classes with us, keep an eye out for information about the new term, which will be announced on our social media and in this newsletter.

## BUAITEOIR AN CHOMÓRTAIS LÓGÓ

Reáchtáil Gaeilge ABC comórtas i measc bunscoileanna an cheantair roimh an samhradh chun ár lógó nua a dhearadh. Roghnaíodh Niamh Keen ó Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach mar bhuaiteoir ar an gcomórtas seo, agus úsáideadh cuid de na gnéithe ón bpictiúr a tharraing sí agus ár lógó nua á dhearadh.

Thug Aoife cuairt ar Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach le gairid chun dearbhán a bhronnadh ar Niamh. Bronnadh cluichí boird Gaeilge ar na ranganna uile a ghlac páirt sa gcomórtas freisin, i Scoil Náisiúnta Chnoc na Cathrach, i nGaelscoil Mhic Amhlaigh agus i Scoil Shéamais Naofa, Bearna.






Gaeilge ABC held a competition among primary schools in the area before the summer break to design our new logo. Niamh Keen from Knocknacarra National School was chosen as the winner of this competition, and some of the elements from the picture she drew were used in the design of our new logo.

Aoife recently visited Knocknacarra National School to present Niamh with a voucher. Irish board games were also awarded to all the classes that took part in the competition in Knocknacarra National School, Gaelscoil Mhic Amhlaigh and Scoil Shéamais Naofa, Barna.

## CAIFE AGUS COMHRÁ

Ar mhaith leat cleachtadh a dhéanamh ar do Ghaeilge labhartha? Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile go míosúil i mBearna agus i gCnoc na Cathrach, agus tá fáilte mhór roimh dhaoine nua i gcónaí!

Would you like to practice your spoken Irish? A conversation circle meets monthly in Barna and Knocknacarra, and new people are always more than welcome!

### SÚIL EILE SPACE, BEARNA

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an **Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11.00** i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl **Déardaoin 30 Samhain.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

Our conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna **at 11.00 on the last Thursday of every month**. The next conversation circle will take place **Thursday 30th November.** Everyone is welcome, whatever your level of Irish!






### CLYBAUN HOTEL, CNOC NA CATHRACH

Tá tús á chur le ciorcal comhrá nua, a bheas ag bualadh lena chéile **an dara Aoine de chuile mhí** in Óstán an Chlaí Bhain ag a **10.00**. Beidh an chéad cheann ar siúl **Dé hAoine 10 Samhain.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

We are starting a new conversation circle in November, which will meet on the **second Friday of every month** in the Clybaun Hotel at **10.00**. The first meeting will take place on **Friday 10th November.** Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!

## OIREACHTAS NA SAMHNA

Beidh Oireachtas na Samhna ar siúl ó 1 - 5 Samhain i gCill Airne, Co. Chiarraí. Is féidir a theacht ar chlár imeachtaí na féile anseo. Beidh seastán ag Gaeilge ABC in Aonach an Oireachtais, mar sin coinnigh súil amach dúinn, mar beidh neart rudaí deasa le tabhairt amach againn!

Oireachtas na Samhna will take place from 1 - 5 November in Killarney, Co. Kerry. The program of events for the festival can be found here. Gaeilge ABC will have a stand at Aonach an Oireachtais, so keep an eye out for us, because we will have lots of nice things to give away!

## COMHARTHAÍ 'GAEILGE AGUS FÁILTE'

Tá comharthaí 'Gaeilge agus Fáilte' ar fáil againn do ghnólachtaí, scoileanna, siopaí, srl i mBearna agus i gCnoc na Cathrach. Má tá ceann uait, déan teagmháil le hAoife anseo.

We have 'Gaeilge agus Fáilte' signs available for businesses, schools, shops, etc. in Barna and Knocknacarra. If you would like one, contact Aoife through this link.




## NA MEÁIN SHÓISIALTA

Bí cinnte muid a leanúint ar na meáin shóisialta, áit a mbíonn an nuacht is deireanaí uile á roinnt againn.

Be sure to follow us on social media, where we share all the latest news.

@gaeilgeabc

# Cúinne na bPáistí



## LEABHAIR DO PHÁISTÍ SNA NAÍONRAÍ

Chuir Gaeilge ABC leabhar Gaeilge ar fáil do gach páiste i Naíonra Mhic Amhlaigh (Cnoc na Cathrach) agus Naíonra Cháit (Bearna) an mhí seo. Tá súil againn go mbainfidh na páistí sult as na leabhair.

---

Gaeilge ABC gifted an Irish book to each child in Naíonra Mhic Amhlaigh (Knocknacarra) and Naíonra Cháit (Barna) this month. We hope all the children enjoy reading their new books!




## TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta tacaíocht, cúnamh agus comhairle ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tá Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh ar fáil saor in aisce do na teaghlaigh seo, agus is féidir iarratas a dhéanamh air anseo.

---

Tuismitheoirí na Gaeltachta provide support, assistance and advice to families who are raising their children through Irish in the Gaeltacht, or families who wish to do so. A Family Support Pack is available free of charge to these families, and you can apply for it here.




## CAMPA DRÁMAÍOCHTA

Tá campa drámaíochta na Samhna á eagrú ag Fíbín sa Taibhdhearc, agus beidh sé feiliúnach d'aisteoirí óga idir 7-12 bliain. Díreofar ar scileanna agus ar mhuinín an aisteora a fhorbairt, ag baint úsáid as teicnicí spraíúla. Beidh meascán de dhrámaíocht, ceol, gluaiseacht agus go leor eile ar siúl acu.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó clárú tríd an suíomh 'An Taibhdhearc'.

---

Fíbín sa Tabihdhearc is running a Halloween drama camp, suitable for young actors between 7-12 years. The focus will be on developing skills and confidence using fun techniques. They will be performing a mix of drama, music, movement and more.

You can get more information or register through the Taibhdhearc website.